An Roinn Oideachais
Department of Education

# Clár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach: Cumarsáid agus Litearthacht

## Réimse curaclaim agus modúl

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2024.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 2 |
| Réasúnaíocht | 2 |
| Leanúnachas agus dul chun cinn | 3 |
| Teagasc agus foghlaim | 3 |
| Modúl: Cumarsáid a Iniúchadh | 4 |
| Modúl: Cumarsáid a dhéanamh le daoine eile | 5 |
| Modúl: Léiriú a Iniúchadh | 6 |

## Réamhrá

Cuimsíonn Clár Foghlama Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí (CFL1SS) roinnt réimsí curaclaim, gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL1SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus, Sruthanna Roghnacha.

Cuimsítear trí mhodúl leis an réimse curaclaim Cumarsáid agus Litearthacht. Tá sé deartha le haghaidh íoslíon de 180 uair den teagasc/den fhoghlaim thar thréimhse dhá bhliain. Deartar gach modúl agus tuairim is 60 uair an chloig teagaisc/teagmhála ranga i gceist.

| **Teideal modúil** | **Uaireanta an chloig molta in aghaidh an mhodúil** |
|---|---|
| Cumarsáid a Iniúchadh | 60 |
| Cumarsáid a dhéanamh le daoine eile | 60 |
| Léiriú a Iniúchadh | 60 |

## Réasúnaíocht

Is scáth-théarma é cumarsáid le haghaidh gach foirme chun eolas a fháil agus a léiriú, lena n-áirítear téacs,[1] siombailí agus íomhánna. Tá cumarsáid mar chrann taca ag gach foghlaim agus cuireann sí ar chumas an scoláire idirghníomhú le daoine eile agus ciall a bhaint as an saol. Tá sé an tábhachtach le go mbeifear in ann maireachtáil níos neamhspleáiche. Chomh maith leis sin, tá sé fite go smior i bhfolláine, i sonas agus i bhféinmhuinín an scoláire.

Díríonn cumarsáid ar cheangal le daoine eile trí théacs, éisteacht, teanga ó bhéal agus scríofa, agus córais comharthaí eile amhail matamaitic, ealaín, fuaim, pictiúir, Braille agus teanga chomharthaíochta. Díríonn litearthacht ar léitheoireacht, scríbhneoireacht agus ar an bpróiseas a bhaineann le ciall a bhaint as téacs.

Cuireann forbairt chumarsáid agus litearthacht an scoláire le forbairt na bpríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus an bealach eile thart. Nuair a tharlaíonn se seo, tacaítear leis an bhfoghlaim ar fad ar fud na sraithe sinsearaí agus cuirtear forbairt na scileanna tábhachtacha chun cinn, scileanna don saol atá riachtanach do neamhspleáchas an scoláire. Baineann an scoláire leas as seo ar go leor bealaí le linn dó a bheith ag déanamh dul chun cinn i gconairí foghlama agus é ag aistriú chuig an saol tar éis na scoile.

[1] Is ionann téacs agus gach modh cumarsáide amhail: ó bhéal, gothaí, comharthaí, scríobh, amharc, modhanna leictreonacha agus digiteacha.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Deartar an réimse seo den churaclam chun na scileanna agus an t eolas cumarsáide agus litearthachta a dhaingniú agus a chur chun cinn, scileanna agus eolas a d'fhorbair an scoláire sa tsraith shóisearach. Tá an réimse seo den churaclam deartha chun leanúnachas a chur ar fáil ó Leibhéal 1 den Aonad Foghlama Tosaíochta, Cumarsáid, Teanga agus Litearthacht (AFT) ag an tsraith shóisearach chun foghlaim sa tsraith shinsearach a fheabhsú, a chur chun cinn agus a dhoimhniú. Tacaíonn sé seo chun taithí foghlama leanúnach a chothú don scoláire agus é ag cur lena inniúlacht chumarsáide agus litearthachta ar fud na sraithe sinsearaí. Tá sé tábhachtach ceangail a dhéanamh le réamhfhoghlaim ag an tsraith shóisearach agus le modúil eile sa tsraith shinsearach. Cuidíonn sé seo le foghlaim an scoláire a dhaingniú agus a chur chun cinn, agus é a chur ar a chumas braistint ghaisce agus mhuiníne a fhorbairt ina fhoghlaim.

# Teagasc agus foghlaim

Beidh tacaíocht de dhíth ar an scoláire maidir leis an modh cumarsáide is fearr leis a fheileann dó féin. Cé go bhféadfadh an scoláire taithí a fháil ar go leor modhanna cumarsáide, ba cheart go gcuirfí ar a chumas cumarsáid a dhéanamh ar na bealaí is fearr a fheileann dó, chun cur lena chumas cumarsáideach. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis na tacaíochtaí áiseanna cumarsáide breisitheacha agus malartacha, amhail siombailí cabhartha, gléasanna scríofa, gléasanna leictreonacha, leideanna amhairc agus réad.

# Modúl: Cumarsáid a Iniúchadh

## Tuairisceoir modúil

Tacófar leis an scoláire ina chuid foghlama agus é ag léiriú feasacht ar a thimpeallacht, daoine agus gníomhaíochtaí éagsúla, agus é ag freagairt dóibh sin.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Cumarsáid**<br><br>A theastálacha agus a roghanna a shainaithint agus a léiriú le linn dó feidhmeanna agus riachtanais phearsanta a shainaithint ar bhealaí atá maorga agus sóisialta. | **a.** Feasacht a léiriú ar spreagthaigh chéadfacha sa timpeallacht foghlama<br>**b.** Idirghníomhú le daoine a bhfuil agus nach bhfuil aithne aige orthu ina thimpeallacht<br>**c.** Freagairt do leideanna briathartha agus neamhbhriathartha a bhaineann le gnáthaimh chumarsáideacha a bhfuil taithí aige orthu<br>**d.** Freagairt do cheisteanna agus do ráitis a bhfuil taithí aige orthu<br>**e.** Sástacht, sonas, brón nó buairt a léiriú<br>**f.** Cumarsáid a dhéanamh le páirtí trí ghléasanna nó modhanna cumarsáideacha eile a úsáid<br>**g.** A spéiseanna, sainroghanna, roghanna nó tuairimí a chur in iúl<br>**h.** Riachtanais chumarsáideacha<br>**i.** Cumarsáid a dhéanamh chun ceisteanna a chur<br>**j.** Tuiscint a léiriú ar úsáid na ngothaí, tuine agus airde na guthaíochta<br>**k.** Patrúin a choinneáil de fhreastal ar spreagthaigh, spreagthaigh chéadfacha, daoine agus gníomhaíochtaí ina thimpeallacht<br>**l.** Comharthaí réamhtheachtais agus tuair a léiriú maidir le gníomhaíocht a bhfuil taithí aige orthu nuair a chuirtear na spreagthaigh agus na spreagthaigh chéadfacha faoina bhráid. |

# Modúl: Cumarsáid a dhéanamh le daoine eile

## Tuairisceoir modúil

Cuirtear chun cinn agus cothaítear cumas gníomhúcháin scoláirí sa mhodúl seo trí rannpháirtíocht le daoine eile a mhéadú agus le timpeallachtaí an scoláire.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Cumarsáid a dhéanamh le daoine eile**<br><br>Sainroghanna, roghanna a léiriú chomh maith leis an gcumas chun treoracha a leanúint i réimse idirghníomhaíochtaí agus socruithe. | **a.** Rogha agus gníomhaíochtaí agus/nó réada a bhfuil suim aige iontu a léiriú<br>**b.** Athchleachtadh, athrú na réad agus na ngníomhaíochtaí a iarraidh<br>**c.** Páirt a ghlacadh i sealaíocht le daoine eile<br>**d.** Páirt a ghlacadh i réimse idirghníomhaíochtaí agus comhráite le daoine eile lena n áirítear imirt<br>**e.** Freagairt d'úsáid mhéadaithe focal agus stór focal, labhartha agus i dtéacs<br>**f.** Comharthaí a léiriú de rannpháirtíocht agus taitneamh maidir leis an téacs atá á roinnt<br>**g.** Aithint roinnt focal, siombailí, íomhánna agus réad tagartha a bhfuil cleachtadh aige orthu a léiriú<br>**h.** Treoracha simplí a leanúint, ó bhéal agus neamhbhriathartha go neamhspleách nó le tacaíocht. |

# Modúl: Léiriú a Iniúchadh

## Tuairisceoir modúil

Tacaítear le cur chun cinn an fhéinléiritheanseo ach téacs, siombailí, pictiúir, íomhánna agus ceol a úsáid. Sainaithníonn, idirghníomhaíonn agus fiosraíonn an scoláire foirmeacha éagsúla téacsanna, siombailí, íomhánna agus fuaimeanna le linn bheith rannpháirteach le hábhair nó uirlisí éagsúla agus a bheith ag idirghníomhú leo ar fud réimse fearann.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| **Cuir in iúl**<br><br>Bíonn an scoláire rannpháirteach le litreacha agus focail thábhachtacha atá pearsanta don scoláire amhail a inisealacha nó ainmneacha. Is rannpháirtí gníomhach é an scoláire ina obair agus ina fhoghlaim féin, | **a.** A bheith rannpháirteach leis an oibriú a bhaineann le téacs a chruthú ata feiliúnach don scoláire<br>**b.** Taitneamh nó mícheanúlacht a léiriú le linn dó a bheith ag cruthú foirm fheiliúnach de théacs, ó bhéal nó go neamhbhriathartha<br>**c.** Úsáid a bhaint as réimse ábhar agus dromchlaí chun téacsanna a chruthú<br>**d.** Ábhar a chur in iúl nó a roghnú chun téacs a chruthú<br>**e.** An tuiscint go bhfuil ciall ag baint le téacsanna, siombailí, íomhánna agus ceol a chur in iúl ó bhéal nó go neamhbhriathartha<br>**f.** An tuiscint ar an treoshuíomh, clé go deas agus barr go bun a bhaineann le téacs scríofa agus casadh leathanach a chur in iúl<br>**g.** Feasacht ar litreacha, focail, fuaimeanna, ceol, bolaithe nó blasanna atá tábhachtach agus a bhfuil cur amach aige orthu a chur in iúl<br>**h.** Páirt a ghlacadh i gcruthú na litreacha a bhfuil tábhacht phearsanta ag baint leo<br>**i.** Comharthaí, siombailí nó téacs a úsáid diaidh ar ndiaidh chun a chuid eispéireas, smaointe, tuairimí, agus roghanna a roinnt le daoine eile<br>**j.** Cumas a chur in iúl chun páirt a ghlacadh sa phróiseas a bhaineann le leibhéal éigin de smacht agus treo a úsáid. |

An Roinn Oideachais
Department of Education

Foilsithe mí Lúnasa 2024